



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2015**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Fisic agus Ceimic**

**Ardleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Treoirlínte Ginearálta


### Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt chun aire i ndáil leis an scéim mharcála seo.

1. I gcásanna go leor, ní luaitear ach na focail bhuntábhachta, focail nach mór iad a bheith ina gcomhthéacs ceart i bhfreagra an iarrthóra go ngnóthófaí na marcanna a luaitear leo.
2. Is ionann na marcanna a luaitear idir lúibíní agus na marcanna a bhronntar as freagraí neamhiomlána faoi mar a shonraítear sa scéim.
3. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon.
4. Freagraí a dheighltear óna chéile le soladas dúbailte, //, is freagraí iad sin atá comheisiach. Ní féidir freagra neamhiomlán ó thaobh amháin den // a thabhairt san áireamh le freagra neamhiomlán ón taobh eile.
5. Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Is féidir marcanna i ndáil le cur síos a ghnóthú le léaráid oiriúnach, ag brath ar an gcomhthéacs.
6. Sa chás go luaitear sin, baintear aon mharc amháin i ndáil leis na haonaid mhíchearta a úsáid nó gan aon aonad a lua.
7. Gach uair dá dtarlaíonn botún uimhríochta sa ríomh, baintear aon mharc amháin.
8. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.
9. Is de réir chomhthéacs na ceiste agus na caoi a gcuirtear í agus an líon marcanna a chuirtear i leith an fhreagra ar an scrúdpháipéar a shocraítear an leibhéal mioneolais atá de dhíth le ceist ar bith. Tharlódh dá bhrí sin go mbeadh athrú ann ó bhliain go bliain i gcás ar bith faoi leith.
10. Tabharfar marcanna bónais ar ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána.

**Ceist 1****Aon mhír déag ar bith****11×6**

- (a) **Breac síos céad-dlí gluaisne Newton.** **2×3**  
 fanann corp nó réad mar atá (ar sos) nó ar threoluas tairiseach / ar ghluaisne sheasta i líne dhíreach ...3  
 mura ngníomhaíonn fórsa air ...3
- (b) **Ainmnigh an t-aonad tomhais SI a shainmhíneáir mar an obair a dhéantar nuair a bhogann fórsa níútain amháin a phointe feidhmíthe méadar amháin i dtreo an fhórsa.**  
**Cén chainníocht, seachas obair, a thomhaistear freisin agus an t-aonad seo á úsáid?** **5,1**  
 giúl  
 fuinneamh (cinéiteach, poitéinsiúil, ó bhia, etc) / teas  
 an chéad fhreagra ceart ...5, an dara freagra ceart ...1
- (c) **Cén chumhacht a fhorbraíonn tógálaí meáchain agus 60 kg á ardú aige 2.5 m go ceartingearach in imeacht ama 0.12 s?** **2×3**  
 $(E = mgh =) 60 \times 9.8 \times 2.5 = 1470 \text{ (J)}$  ...3  
 $(P = \frac{E}{t} =) \frac{1470}{0.12} = 12250 \text{ (W)}$  ...3  
 [Ceadaiigh ...3 mharc as freagra = 1250]
- (d) **Déan idirdhealú, i dtéarmaí gathanna solais de, idir fíoríomhá agus íomhá fhíorúil.** **2×3**  
 trasnú gathanna solais a fhoirmíonn fíoríomhá, nó foirmítear í san áit ...3  
 a dtrasnaíonn gathanna solais a chéile ...3  
 trasnú dealraitheach gathanna solais a fhoirmíonn íomhá fhíorúil, nó foirmítear í san áit ...3  
 a dtrasnaíonn gathanna solais a chéile de réir dealraimh ...3  
 [fíoríomhá aisiompaithe, íomhá fhíorúil ingearach /  
 d'fhéadfaí fíoríomhá a fhoirmiú ar scáileán, ach ní fhéadfaí íomhá fhíorúil a fhoirmiú.....3]  
 [droim ar ais...3]
- (e) **I bhFíor 1 taispeántar trastonn agus í tarraingthe de réir scála.**  
**(i) Cad é aimplitiúid na toinne seo?**  
**(ii) Cad é a tonnfhad?** **5,1**  
 (i) 0.8 (cm)  
 (ii) 10 (cm)  
 an chéad fhreagra ceart ...5, an dara freagra ceart ...1
- (f) **Cad is frithchaitheamh iomlán inmheánach ann?** **2×3**  
 frithchaitheamh an tsolais ionsaithe (uile) (ag teorainn idir dhá mheán) // an uillinn ionsaitheach sa mheán is dlúithe ...3  
 nuair a sháraítear an uillinn chriticiúil // a sháraíonn an uillinn chriticiúil ...3  
 [marcanna le fáil as dea-léaráid] ['sa mheán is dlúithe' fágtha ar lár...(-1)]
- (g) **Cad is brí le trasnaíocht scríosach iomlán na dtionnta?** **2×3**  
 nuair a chastar dhá thonn ar a chéile (arb ionann minicíocht agus aimplitiúid dóibh nó a bhfuil a minicíochtaí agus a n-aimplitiúidí cosúil lena chéile) ...3  
 agus nuair is é nialas an aimplitiúid chomhthoraidh / agus nuair a chealaíonn siad a chéile / agus nuair atá siad 180° as comhphas nó as céim ...3  
 [is féidir marcanna a ghnóthú as léaráid oiriúnach]
- (h) **Déantar balún ina bhfuil héiliam agus balún ina bhfuil dé-ocsaíd charbóin a theannadh go dtí an toirt chéanna ag an teocht chéanna agus ag an mbrú céanna.**  
**Cad é cóimheas líon na mól de héiliam le líon na mól de dhé-ocsaíd charbóin atá i láthair sa dá bhalún?** **6**  
 1:1 ...6  
 [Ceadaiigh ...3 mharc as tagairt do  $PV = nRT$ ]  
 [Ceadaiigh ...3 mharc as cóimheas maiseanna 4:44 nó 1:11; (-1) más droim ar ais]

- (i) Cad iad na coinníollacha teochta agus brú faoina mbíonn an chosúlacht is mó idir iompar fíorgháis agus iompar an gháis idéalach? 5, 1  
teocht ard  
brú íseal  
an chéad fhreagra ceart ...5, an dara freagra ceart ...1
- (j) Déan amach an saghas luchtá ar (i)  $Q_1$ , (ii)  $Q_2$ , ó phatrún a réimse leictreach nuair a chuirtear in aice lena chéile iad, mar a thaispeántar i bhFíor 2. 5, 1  
(i) tá ( $Q_1$ ) dearfach  
(ii) tá ( $Q_2$ ) dearfach  
an chéad fhreagra ceart ...5, an dara freagra ceart ...1  
[ceadaigh ...5 mharc má tá an dá cheann diúltach]
- (k) Sainaitin an gléas leictreach  
(i) a ghineann sruth leictreach as imoibriúcháin cheimiceacha,  
(ii) a dhéanann fuinneamh a stóráil trí dheighilt na luchtanna. 5, 1  
(i) cill nó ceallra  
(ii) toilleoir  
an chéad fhreagra ceart ...5, an dara freagra ceart ...1
- (l) Sainmhíneadh difríocht poitéinsil leictreach. 2×3  
obair déanta //  $W \div$  ...3  
nuair a dhéantar lucht aon chúlóim nó lucht aonaid a bhogadh (i réimse leictreach) //  $Q$  ...3
- (m) Gabhann sruth  $I$ , atá á iompar ag sreang, trí bhileog chairtchláir, mar a thaispeántar i bhFíor 3. Déan cóip den léaráid agus taispeáin línte an réimse mhaighnéadaigh timpeall ar an tsreang. 2×3  
ciorcail chomhlárnacha thart ar shreang ...3  
léiríonn saigheada bogadh ar tuathal ...3



- (n) Tá leathré de 3 lá ag iseatóp radaighníomhach. Má bhí 2 g den iseatóp gan mheath i sampla tar éis 9 lá, cén mhais tosaigh a bhí san iseatóp sa sampla? 5, 1  
3 leathré / aon ochtú fágtha ...5  
16 (g) ...1
- (o) Nuair a astaítear béite-cháithnín as núicléas adaimh, cén t-athrú a tharlaíonn  
(i) i líon na bprótón,  
(ii) i líon na neodróin? 5, 1  
(i) méadaíonn de 1  
(i) laghdaíonn de 1  
[gan ach méadaithe / laghdaithe san ord ceart ...5]  
an chéad fhreagra ceart ...5, an dara freagra ceart ...1

## Ceist 2

### (a) Sainmhínigh

#### (i) fórsa

athraíonn sé staid sosa nó gluaisne aonfhoirmeach i líne dhíreach / athraíonn sé treoluas, luas nó treo / ina chúis le luasghéarú /  $ma$  ...6  
[míniú ar  $m$ ,  $a$  fágtha ar lár (-1)]

#### (ii) móiminteam.

táirge maise agus luais //  $mv$  ...3  
[míniú ar  $m$ ,  $v$  fágtha ar lár (-1)]

### (b) Scríobh slonn matamaitice don choibhneas idir fórsa agus ráta athraithe an mhóimintim. 2×3

$F \propto // F = // F =$  ...3

$$\frac{mv - mu}{t} // \frac{k(mv - mu)}{t} \quad \dots 3$$

[míniú ar  $F$ ,  $m$ ,  $v$ ,  $u$ ,  $t$  fágtha ar lár...(-1)]

### (c) Sainmhínigh an niútan. 2×3

an fórsa a thugann ar réad ar mais dó aon chileagram /  $m = 1 \text{ kg}$  ...3

luasghéarú faoi 1 mhéadar amháin in aghaidh an tsoicind chearnaithe nó ag  $1 \text{ m s}^{-2}$  /  $a = 1 \text{ m s}^{-2}$  ...3

$[1 \text{ m s}^{-1} \quad (-1)]$ [aonad fórsa ...3]

### (d) Breac síos dlí imchoimeád an mhóimintim. 2×3

(i gcóras réad atá ag imbhuailt faoina chéile) nuair nach bhfeidhmíonn fórsa seachtrach ar bith nó i gcóras iata tá an móiminteam iomlán //

(i gcóras réad atá ag imbhuailt faoina chéile) nuair nach bhfeidhmíonn fórsa seachtrach ar bith nó i gcóras iata tá an móiminteam iomlán roimh an imbhuailt //

(i gcóras réad atá ag imbhuailt faoina chéile) nuair nach bhfeidhmíonn fórsa seachtrach ar bith nó i gcóras iata tá  $m_1u_1 + m_2u_2 =$  ...3

tairiseach //

cothrom leis an móiminteam iomlán ina dhiaidh //

$m_1u_1 + m_2u_2$  nó  $(m_1 + m_2)v$  ...3

['nuair nach bhfeidhmíonn fórsa seachtrach ar bith' / 'i gcóras iata' fágtha ar lár...(-1)]

### (e) Tarraing léaráid lipéadaithe den leagan amach ar ghaires a úsáidtear chun dlí imchoimeád an mhóimintim a fhíorú. 6, 2×3

tralaí ina stad ag barr riain a bhfuil fána leis nó ag ceann amháin de rian mín cothrománach gan frithchuimilt, e.g. rian aeir / ...3

an dara tralaí thart ar leathbhealach síos an rian / ...3

modh éigin ceangail, i.e. maighnéid, *Velcro*, etc / ...3

uainiú trí leas a bhaint as amadóir (téip) thiceála, geataí solais, rian púdair, amadóir fál cuailí, logálaí sonraí agus braiteoir (gluaisne), etc. ...3

[gan lipéid...(-1)]

['téip thiceála' in ionad 'amadóir (téip) thiceála'...(-1)]

an chéad fhreagra ceart ...6, an chéad dá cheann eile ceart... ..2 × 3

(f) Tástálann innealtóirí éifeachtacht na dtréithe sábháilteachta nuair a bhíonn feithiclí nua á ndearadh. I dtástáil mar seo, bhí carr, ar mais dó 1500 kg, ag taisteal ar  $20 \text{ m s}^{-1}$  agus bhuaill sé díreach in aghaidh bloic a sheas do thrucail chónaitheach, ar mais di 7500 kg, agus ghluais an carr is an bloc le chéile tar éis an imbhuailte.

### (i) Ríomh comh-treoluas an chairr agus an bhloic díreach tar éis an imbhuailte. 6, 3×3

$m_1u_1 + m_2u_2 = m_1v_1 + m_2v_2$  /  $m_1u_1 + m_2u_2 = (m_1 + m_2)v = / (1500 \times 20) + (7500 \times 0) =$  ...6

$(m_1u_1 + m_2u_2) = 30000$  ...3

$30000 = (9000 \times v) / 1500v_1 + 7500v_2$  ...3

$(v =) 3.3(33) \text{ m s}^{-1}$  ...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

- (ii) Cé acu an carr nó an bloc a bhraitheann an fórsa is mó i rith an imbhuailte? 3**  
**Cosain do fhreagra.**  
 an fórsa céanna (de réir) thríú dlí Newton / an fórsa céanna, mar i gcás gach gnímh  
 is ann do fhrithghníomh atá cothrom leis ...3
- (iii) Ríomh cóimheas mhéid luasghéarú an chair le méid luasghéarú an bhloic i rith na tástála. 3**  
 $m_1 a_1 = m_2 a_2$  or  $1500 a_1 = 7500 a_2 \Rightarrow$   
 $a_1 : a_2 = 7500 \div 1500 = 5:1$  ...3  
 [an cóimheas droim ar ais..... (-1)][ní gá an cóimheas a shloinneadh mar shlánuimhreacha]  
 [iarracht  $\frac{v-u}{t} = a$  a úsáid chun luasghéarú (luasghéaruíthe) a ríomh ...3 mharc mura dtugtar marc ar bith eile as (ii) agus (iii)]
- (iv) Bíonn ‘limistéir leacaithe’ ag carranna nua-aimseartha a chuirtear isteach iontu chun laghdú ar an ngortú a bhainfeadh do dhaoine iontu dá dtarlódh imbhuailtí. Déantar na limistéir leacaithe a dhearadh chun go mbeidís in ann filleadh ar a chéile cosúil le cairdín, mar a thaispeántar i bhFíor 4, agus fágtar an cábán go réasúnta slán. 6**  
**Mínigh, i dtéarmaí fórsa, conas a fhéadann limistéir leacaithe cabhrú chun gortuithe a laghdú in imbhuailtí.**  
 cuirtear fad le ham tuairte an imbhuailte agus laghdaítear an fórsa dá bharr / ionsúnn na limistéir leacaithe an fórsa (sula bhfeidhmítear ar an gcábán é), etc ...6

### Ceist 3

Déantar ga de sholas monacrómatach a athraonadh nuair a théann sé trí phriosma triantánach gloine. Déantar ga de sholas bán a athraonadh agus a spré nuair a théann sé tríd an bpriosma céanna.

(a) Míniú na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

aon mhinicíocht nó aon tonnfhad nó aon dath amháin

4×3  
...3

lúbadh an tsolais

...3

agus é ag taisteal ó mheán amháin go meán eile

...3

an solas á scaradh ina dhathanna (comhpháirteacha) nó ina thonnfhaid (chomhpháirteacha) / ag cruthú speictrim

...3

(b) Luaigh airí amháin ag tonn

(i) a athraíonn,

tonnfhad / luas / treo

3  
...3


(ii) nach n-athraíonn, nuair a athraontar é

minicíocht nó dath / aimplitiúid / fuinneamh

3  
...3

(c) Le cabhair léaráid lipéadaithe, déan cur síos ar conas a d'úsáidfeá priosma agus lionsaí chun speictream de sholas bán a theilgean ar scáileán.

3×3



comhlíníonn an chéad lionsa solas bán na foinse

...3

spréann nó athraonann an priosma an solas

...3

fágann an solas an priosma agus buaileann sé scáileán arna chomhlíniú ag an dara lionsa ionas nach mbeidh dathanna ag forluí ar a chéile

...3

[gan lipéid....(-1)][gan lionsaí.... (-1)][na marcanna uile ar fáil as dea-léaráid]

Taispeáin ar do léaráid an áit a mbeifeá ag súil leis go bhféadfá radaíocht infridhearg a bhrath.

3

lastall den fhoirceann dearg

...3

Conas a d'fhéadfá láithreach na radaíochta dofheicthe seo a bhrath?

3

teirmiméadar (a bhfuil bolgán dubhaithe air) / braiteoir teasa / teirmeachúpla / teirmeacharn

...3

(d) Sa ghraf i bhFíor 5, taispeántar an coibhneas idir fad na híomhá  $v$  agus an formhádú  $m$  i gcás scáthán cuasach.

(i) Bain úsáid as an ngraf chun fad na híomhá a fháil nuair is é 1 díreach an formhádú.

24 (cm)

6  
...6

(ii) Cad é fad na frithne nuair is é 1 an formhádú?

24 (cm)

3  
...3

(iii) Ríomh fad fócasach an scátháin.

5, 1

$$\frac{1}{f} = \frac{1}{u} + \frac{1}{v} / \frac{1}{f} = \frac{1}{24} + \frac{1}{24} = \frac{1}{12}$$

...5

12 cm

...1

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart ...(-1)]



(iv) Cén formhádú atá ann nuair a chuirtear an fhrithne 18 cm ón scáthán?

2×3

$$\frac{1}{12} = \frac{1}{18} + \frac{1}{v} / \frac{1}{v} = \frac{1}{12} - \frac{1}{18} / \frac{1}{36} / (v =) 36 \text{ (cm)}$$

...3


(m=) 2

...3

[ceadaigh ...3 mharc as  $m = v \div u$  mura dtugtar marc ar bith eile as (iv)]

(e) Bain úsáid as ga-léaráid chun a thaispeáint conas a tháirgeann scáthán cuasach íomhá fhorfhéadaithe cheartseasmhach.

2×3



frithne istigh san fhócas / scáthán cuasach

...3

dhá gha arna bhfrithchaitheamh i gceart le go gcruthóidh siad íomhá fhorfhéadaithe cheartseasmhach taobh thiar den scáthán

...3

Tabhair úsáid a bhaintear as scáthán cuasach bunaithe ar a chumas formhádúcháin.

6

smideadh, bearradh, fiaclóireacht, micreascóip, teileascóip fhrithchaitheacha, etc

...6

**Ceist 4**

**(a) Breac síos dlí Charles.**

2×3

an toirt atá i mais sheasta gáis ag teocht thairiseach,

...3

tá sí i gcomhréir le teocht an gháis ar an scála Kelvin nó lena dhearbhteocht / méadaíonn sí faoi 1/273

i gcás gach athraithe céime ar an teocht

...3

*nó*

$$\frac{V_1}{T_1} = \frac{V_2}{T_2} \text{ / tá } \frac{V}{T} \text{ tairiseach / } \frac{V}{T} = k$$

...3

do mhais sheasta gáis faoi bhrú tairiseach

...3

[V, T gan a bheith mínithe...(-1)]

**(b) Cén t-airí ag móilíní gáis a chinneann teocht an gháis?**

6

fuinneamh cinéiteach (meánach)

...6

[ceadaigh ...3 mharc as gluaisne]

**Cén teocht ar scála Kelvin ina mbíonn luach teoriciúil nialais ar an airí seo?**

3

nialas / 0 K / dearbhniailas



...3

**(c) Sa tábla thíos taispeántar na toirteanna i mais chinnte gáis ag teochtaí difriúla.**

Teocht (°C)	-13	17	37	57	87	117
Toirt (cm <sup>3</sup> )	800	900	960	1020	1110	1200

**(i) Tarraing graf oiriúnach de thoirt in aghaidh teochta chun dlí Charles a fhíorú.**

5×3



teochtaí Kelvin sna luachanna go léir a úsáideadh chun an graf a bhreacadh

...3

aiseanna lipéadaithe i gceart

...3

aiseanna tarraingthe leis na scálaí cuí

...3



sé phointe breactha i gceart

...3

líne dhíreach trí na pointí seo mar a thaispeántar

...3

*nó*



- aiseanna lipéadaithe i gceart ...3  
 aiseanna tarraingthe leis na scálaí cuí ...3  
 an chéad phointe breactha i gceart ...3  
 cúig phointe eile breactha i gceart ...3  
 líne dhíreach trí na pointí seo mar a thaispeántar ...3

- (ii) Míniú conas a fhóiréann do ghraf dlí Charles.** **5, 1**  
 is é atá sa ghraf (más toirt in aghaidh theocht Kelvin atá ann) ná líne dhíreach ...5  
 tríd an mbunphointe ...1

**nó**

- is é atá sa ghraf (más toirt in aghaidh theocht Celsius atá ann) ná líne dhíreach ...5  
 trí (-273, 0) ...1

[Ní mór don fhreagra ar (ii) a bheith nasctha leis an ngraf a tarraingíodh]

- (d) Úsáidtear an gásteirmiméadar toirt-tairiseach mar theirmiméadar caighdeánach.**  
**(i) Cén t-airí teirmiméadrach a bhfuil an gásteirmiméadar toirt-tairiseach bunaithe air?** **3**  
 Brú ...3

- (ii) Cén fáth a bhfuil teirmiméadair chaighdeánacha riachtanach?** **6**  
 ní thagann teirmiméadair atá bunaithe ar airíonna difriúla teirmiméadracha lena chéile /  
 ní thagann teirmiméadair lena chéile ach ag pointí seasta /  
 taispeánann teirmiméadair dhifriúla teochtaí difriúla ...6  
 [ceadaigh ‘chun teirmiméadair eile a chalabrú’ ...6]

- (iii) Tabhair dhá chúis nach bhfuil gásteirmiméadair thoirt-tairiseacha in úsáid go forleathan.** **6, 3**  
 anásta, deacair a úsáid, neamhphraiticiúil, níl gá leo seachas le haghaidh na hoibre is cruinne, baineann siad cothromaíocht theirmeach amach go mall (le timpeallachtaí nua), toilleadh mór teasa (a imríonn tionchar ar theocht an ábhair atá á thomhas), etc.  
 an chéad fhreagra ceart...6, an dara freagra ceart...3

- (e) (i) Conas is féidir na teochtaí 0 °C agus 100 °C a ghiniúint sa tsaotharlann chun na pointí fosaithe do scála Celsius a shocrú?** **6, 3**  
 0 °C: oighear ag leá / meascán d’oighear agus d’uisce  
 100 °C: gal os cionn uisce ar fíuchadh  
 [tá marcanna ar fáil as léaráidí soiléire]  
 an chéad fhreagra ceart...6, an dara freagra ceart...3

- (ii) Scríobh cothromóid is féidir a úsáid chun an teocht ar scála Celsius a ríomh ó thomhais a rinneadh agus gásteirmiméadar toirt-tairiseach á úsáid.** **3**  

$$\theta = \frac{p_{\theta} - p_0}{p_{100} - p_0} \times 100 \quad / \quad \theta = \frac{X_{\theta} - X_0}{X_{100} - X_0} \times 100$$
 ...3  
 [difríochtaí brú aisiompaithe (-1)]

### Ceist 5

(a) Cad is sruth leictreach ann?

sreabh luchtá, leictreon nó ian

6

...6

**Luaigh dlí Ohm.**

ag teocht thairiseach tá sruth i gcomhréir le  $I \propto V$  // ag teocht thairiseach tá an difríocht poitéinsil

i gcomhréir le nó  $V \propto I$  // ag teocht thairiseach  $V =$

difríocht poitéinsil nó  $V \propto I$  // sruth nó  $I \propto V/R$

[‘ag teocht thairiseach’ fágtha ar lár (-1), míniú ar na téarmaí fágtha ar lár ...(-1)]


2×3

...3

...3

(b) Le cabhair léaráid lipéadaithe, déan cur síos ar an ngaireas agus ar an gciocard leictreach a úsáidtear i bhfiosrúchán ar an teasiarmhairt ag sruth leictreach i gcorna sreinge.

6, 3, 3



ceallra, (lasc), aimpmhéadar, corna /  
coimeádán inslithe nó clár ar an gcoimeádán /  
uisce sa choimeádán /  
maiseanna an uisce agus an choimeádáin ar eolas /  
teirmiméadar san uisce /  
amadóir luaite nó sceitse de /

úsáid friotóra inathraithe (chun an sruth a choinneáil tairiseach)

[lipéid fágtha ar lár ...(-1)][tá na marcanna uile ar fáil as dea-léaráid]

an chéad fhreagra ceart ...6, an chéad dá fhreagra chearta eile ...2×3

**Cén coibhneas a aimsítear?**

athrú teasa nó ardú teochta //  $\Delta H$  nó  $\Delta \theta // H$

i gcomhréir leis an sruth cearnaithe //  $\propto I^2$  //  $=I^2 Rt$

[téarmaí gan a bheith mínithe...(-1)]

2×3

...3

...3

(c) Luaigh prionsabal oibriúcháin galbhánaiméadar luailchorna agus sruth beag á bhrath.

seoltóir a bhfuil sruth ag dul tríd i réimse maighnéadach, braitheann sé fórsa

6

...6

**Mínigh conas is féidir galbhánaiméadar luailchorna a thiontú ina aimpmhéadar chun sruthanna níos mó a thomhas.**

friotóir beag nó friotóir oiriúnach a cheangal

i dtreocheangal

[is leor léaráid lipéadaithe]

2×3

...3

...3

(d) Tá gléas leictreonach feabhsaithe chun srannadh a chosc, agus gur féidir le máinlia é a ionphlandú, á mholadh ag dearthóir ciorcaid.

Caithfidh na hiarmhairtí teasa is ísle a bheith ag sreangú agus ag ciorcaid leictreonacha gléas ar bith a ionphlandaíonn máinlia laistigh den chorp.

Ag glacadh leis go bhfuil dlí Ohm i bhfeidhm, ríomh,

(i) an sruth a tharraingítear as ceallra 2.8 V nuair atá an gléas á úsáid, más í an fhriotaíocht sa sreangú agus sna ciorcaid le chéile ná 64 Ω, 2×3

$$V = IR \quad \frac{V}{I} = R \quad I = \frac{V}{R} \quad \dots 3$$

$$I = \frac{2.8}{64} = 0.04375 \text{ A} \quad \dots 3$$

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(ii) an fuinneamh leictreach a d'úsáidfeadh an gléas le linn tréimhse chodlata 8 n-uair an chloig. 2×3  
fuinneamh = cumhacht × am /  $E = VI t$  /  $E = R I^2 t$  ...3

$$E = 2.8 \times 0.04375 \times 28800 = 3528 \text{ J} = 3.528 \text{ kJ} / 64 \times (0.04375)^2 \times 28800 = 3528 \text{ J} = 3.528 \text{ kJ} \quad \dots 3$$

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(e) Caithfear an cailteanas fuinnimh de bharr téimh a íoslaghdú nuair a dhéantar leictreachas a tharchur ó stáisiún ghiniúna go dtí pointe na húsáide. 9

Mínigh conas a dhéantar é seo.

úsáid ardvoltais nó sruthanna ísle / chun cailteanas teasa a laghdú de bharr friotaíochta / úsáid alúmanaim nó copar íon / úsáid cáblaí tiubha ...9

Cén fáth a n-úsáidtear sruth ailtéarnach i dtarchur leictreachais? 3

le gur féidir an voltas a uaschéimniú nó a íoschéimniú go héasca / le gur féidir an voltas a athrú go héasca ...3

**Ceist 6****Freagair dhá chuid ar bith.****2×33****Ceist 6 (a)****Cad is fótón ann?****2×3**

paicéad nó beart nó aonad nó candam

3

d'fhuinneamh solais

3

[ $E = hf \dots 6$ ][míniú ar na téarmaí fágtha ar lár...(-1)]**Tá pláta since, atá luchtaithe go diúltach, ina luí ar chaipín leictreascóip mar a thaispeántar i bhFíor 6.****Déan cur síos agus míniú ar an rud a mbeifeá ag súil lena bhreathnú dá soilseofaí an pláta since****(i) le solas ultraivialait as lampa atá 50 cm ón bpláta since,****5×3 ar a mhéad**

titeann na duillí

...3

scaoiltear leictreoin (ó phláta miotail) / tarlaíonn iarmhairt fhótaileictreach

...3

**(ii) le solas ultraivialait as an lampa céanna atá 10 cm ón bpláta since,**

titeann na duillí (níos tapa)

...3

scaoiltear níos mó leictreon de bharr an tsolais a bheith níos déine / scaoiltear níos mó leictreon de bharr

níos mó fótón / astaítear leictreoin / tarlaíonn iarmhairt fhótaileictreach

...3

**(iii) le radaíocht infridhearg as lampa atá 10 cm ón bpláta since.**

gan aon athrú

...3

ardmhinicíocht nó fuinneamh neamhleor (ag solas infridhearg nó ag fótóin) /

gan aon athrú de thoradh nach bhfuil radaíocht infridhearg oiriúnach

...3

an chéad dá phéire a ndéantar cur síos agus míniú ceart orthu ... 2 × 6, ...3 as an gcuid eile

**Ríomh minicíocht na radaíochta de thonnfhad  $2.0 \times 10^{-7}$  m.****2×3**

$$c = f\lambda$$

...3

$$f = \frac{c}{\lambda} = \frac{3 \times 10^8}{2.0 \times 10^{-7}} \text{ Hz} = 1.5 \times 10^{15} \text{ Hz}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

**Cén fuinneamh atá i bhfótón de radaíocht ultraivialait den mhinicíocht seo?****2×3**

$$E = hf$$

...3

$$E = 6.626 \times 10^{-34} \times 1.5 \times 10^{15} = 9.94 \times 10^{-19} \text{ J}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

**Ceist 6 (b)****Luaigh dlí Newton na himtharraingthe uilíche.****3×3 nó 9**

tá an fórsa idir dhá (phonc)mhais i gcomhréir le

...3

toradh an (dá) mhais

...3

(agus) i gcomhréir contrártha le cearnú an fhaid eatarthu

...3

[‘cearnú’ fágtha ar lár...(-3)] [an focal ‘toradh’ fágtha ar lár...(-1)]

[‘suim’ in ionad ‘toradh’ na maiseanna...(-3)]

**nó**

$$F \propto \frac{Mm}{d^2} / F = \frac{GMm}{d^2}$$

...9

[míniú ar  $F$ ,  $M$ ,  $m$ ,  $G$ ,  $d$  fágtha ar lár...(-1)] [‘cearnú’ fágtha ar lár...(-3)] [‘suim’ in ionad ‘toradh’...(-3)][glac le coibhneas idir  $g$  agus  $G$  i gcomhair ...3]**Agus an dlí seo a úsáid agat, díorthaigh an coibhneas idir  $g$ , an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe an Domhain, agus  $G$ , tairiseach na himtharraingthe.****2×3**

$$F = \frac{GMm}{d^2} \quad \text{agus } F = mg /$$

$$\frac{GMm}{d^2} = mg$$

...3

$$\frac{GM}{d^2} = g$$

...3

**Is é an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe i bhfithis an stáisiúin spáis idirnáisiúnta (ISS) timpeall an Domhain ná  $8.61 \text{ m s}^{-2}$ . Ríomh an fad atá an stáisiún spáis ó dhromchla an Domhain.****Bíodh mais an Domhain mar  $5.97 \times 10^{24} \text{ kg}$  agus ga an Domhain mar  $6.37 \times 10^6 \text{ m}$ .****7, 3×3**

$$\frac{GM}{d^2} = g$$

...3

$$8.61 = \frac{6.6742 \times 10^{-11} \times 5.97 \times 10^{24}}{d^2}$$

...7

$$d = 6.80 \times 10^6 \text{ m}$$

...3

$$r = 6.80 \times 10^6 - 6.37 \times 10^6 = 4.3 \times 10^5 \text{ m} = 430 \text{ km}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

**Dá dtiocfadh laghdú 3.50 kg ar mhais spásaire a bhí ina c(h)ónaí san ISS ar feadh cúpla mí, cén chaoi a rachadh sé sin i bhfeidhm ar an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe a bhraithfeadh sé / sí? 1 gan aon tionchar**

...1

**Mínigh do fhreagra.****1**

níl mais an spásaire san fhoirmle luasghéaraithe de bharr na domhantarraingthe, etc. / ní théann a mhais i bhfeidhm ar an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe

...1

**Ceist 6 (c)****Luaigh dlí Faraday maidir le hionduchtú leictreamaighnéadach.****2×3**

nuair a bhíonn athrú sa fhlosc maighnéadach (a nascann corna) déantar flg a tháirgeadh nó a ionduchtú (sa chorna) ...3

tá méid an flg i gcomhréir le ráta athraithe an fhlosca ...3

**nó**

$$E_{\infty} / E =$$

...3

$$(-N) \frac{d\phi}{dt}$$

...3

[míniú ar na téarmaí fágtha ar lár...(-1)]

**Déan cur síos ar thurgnamh chun ionduchtú leictreamaighnéadach a léiriú.****3×3**

réimse maighnéadach nó leictreamaighnéad, corna, galbhánaiméadar ...3

bog an réimse maighnéadach agus an corna i gcoibhneas lena chéile ...3

agus tabhair an sraonadh ar an ngalbhánaiméadar faoi deara ...3

**I bhFíor 7 taispeántar gineadóir ina bhfuil corna C ag rothlú laistigh de réimse maighnéadach.****Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu.****5, 1**

A: sciortháinne

B: scuab (charbóin)

an chéad fhreagra ceart ...5, an dara freagra ceart ...1

**Luaigh feidhmeanna A agus B.****3**

A: aschur srutha ailtéarnaigh a tháirgeadh /


B: teagmhálacha a sheoladh idir corna rothlach agus ciorcad cónaitheach

aon cheann ar bith...3

**Tarraing sceitse de chomhathrú an voltais aschuir le ham.****6, 3**

aiseanna lipéadaithe mar am agus voltas

síneastonn

**Tabhair slí amháin chun an voltais aschuir as gineadóir a mhéadú.**

cas an corna níos tapa, cas an maighnéad ar mhalairt treo leis an gcorna, méadaigh líon na gcastaí,

bain úsáid as réimse maighnéadach lena ngabhann floscdhlús níos mó,

úsáid corna lena ngabhann achar níos mó


aon cheann ar bith

an chéad fhreagra ceart...6, an dara freagra ceart...3



### Ceist 6 (d)

In imoibreoír núicléach, tuairgnítear úráiniam–235 le neodróin agus thíos tá imoibriú scaoilte fuinnimh tipiciúil a tharlaíonn.



Luaigh gné amháin de ghiniúint leictreachais le himoibriú den saghas seo

